Fógra maidir le Príobháideachas Sonraí

Baineann an fhaisnéis seo le custaiméirí uile na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála tiomanta do na sonraí pearsanta a thugann a cuid custaiméirí di a choinneáil slán agus sábháilte le linn próiseas riaracháin. Tá na bearta riachtanacha teicniúla ar fad curtha i bhfeidhm chun slándáil agus sábháilteacht na gcóras ina gcoinnítear na sonraí seo a chinntiú.

Tá follasacht agus oscailteacht maidir le húsáid sonraí pearsanta tábhachtach don Roinn agus mar sin, tá sé i gceist againn ár gcustaiméirí uile a choinneáil ar an eolas faoin gcúis agus faoin bhfáth a n-úsáidfear a gcuid sonraí, faoi na háiteanna eile a bhféadfaí a gcuid sonraí a roinnt agus faoin achar ar féidir leis an Roinn a gcuid sonraí a choinneáil. Cuirfear faisnéis maidir le cearta na gcustaiméirí ar fáil chomh maith.

Is iad na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE 2016/679) an reachtaíocht reatha do Chosaint Sonraí in Éirinn. Is í an Roinn féin an Rialaitheoir Sonraí do bhailiú agus do phróiseáil gach sonra phearsanta sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, mar eintiteas dlíthiúil.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ar na bealaí seo a leanas:

An tOifigeach Cosanta Sonraí,
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
76/78 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2,
D02 DX45
Ríomhphost: data.protection@dfa.ie

Ní úsáidfear sonraí pearsanta a phróiseálfar sa Roinn ach amháin ar chúis(eanna) faoi leith a leagfar amach agus an fhaisnéis á bailiú, nó i gcumarsáid eile ina dhiaidh sin, agus úsáidfear é de réir na reachtaíochta cuí um Chosaint Sonraí.

Cearta an duine aonair maidir le sonraí pearsanta a choinníonn an Roinn:

Nuair a thugann tusa, mar chustaiméir, sonraí pearsanta don Roinn tá cearta faoi leith ar fáil duit i dtaca leis na sonraí sin. Leagtar amach thíos na cearta sin agus is féidir iad a bhaint amach trí theagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí, a dtugtar a s(h)onraí teagmhála thuas, agus a rá leis/léi cé na cearta is mian leat a chur i bhfeidhm:

- Ceart rochtana
- Ceart coigeartaithe
- Ceart scriosta
- Ceart srianta próiseála
- Ceart iniomparthachta sonraí
- Srianadh próiseála
- Iniomparthacht sonraí
- Cur i gcoinne próiseála
- Toiliú a tharraingt siar má thug siad cheana é maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta i dtaca le cinnteoireacht uathoibríoch, próifíliú san áireamh
- Déan gearán leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí má cheapann tú go bhfuil próiseáil do shonraí pearsanta in aghaidh GDPR.

Ba chóir gearáin a dhéanamh i scríbhinn agus a chur chuig:
Info@Dataprotection.ie
nó
An Coimisinéir Cosanta Sonraí, Teach na Canála, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise

Tá deasc chabhrach ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí chomh maith, ar féidir teagmháil a dhéanamh leis ag 0761 104 800 nó Íosghlao 1890 252231